C/2025/5172

23.9.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/5172)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Queijo Serpa'

Uimhir thagartha AE: PDO-PT-0260-AM01 — 4.7.2025

1. **Ainm an táirge**

'Queijo Serpa'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ TGFC

☑ ATFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Phortaingéil

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

DGADR – Direção-Geral de Agricultura e Desenvolvimento Rural [Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe]

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Meastar gur leasú caighdeánach é an leasú toisc nach bhfuil i gceist leis athrú ar an ainm cláraithe ná ar úsáid an ainm, nach bhfuil an baol ann go gcuirfear an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní agus nach bhfuil srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Athrú ar theideal an doiciméid

Tuairisc

Athraíodh teideal an doiciméid ó 'rialacha táirgthe' go 'sonraíocht táirge' chun an doiciméad a chur i gcomhréir le rialacháin an Aontais.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Teideal

Údarú gléasraí próiseála

Tuairisc

Braitheann údarú gléasraí próiseála anois ar na húdaráis sláinte inniúla seachas ar an ngrúpa táirgeoirí.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Ceartú an limistéir gheografaigh

Tuairisc

Fágadh paróiste Ermidas do Sado i mbardas Santiago do Cacém ar lár de dhearmad. Ceartaíodh é sin.. Bhí sé ina chuid den limistéar geografach i gcónaí. Níor athraíodh an limistéar geografach.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Oibleagáid maidir le lipéad cáiséine a ghreamú a chur isteach

Tuairisc

Rinneadh úsáid lipéid cáiséine sainordaitheach chun inrianaitheacht táirgí a fheabhsú, rud a fhágann gur féidir fianaise níos fearr a sholáthar gur de thionscnamh an limistéir gheografaigh shainithe an táirge, i gcomhréir le hAirteagal 49(1)(d) de Rialachán (AE) 2024/1143.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Forálacha áirithe nár cheart a bheith mar chuid den tsonraíocht táirge a scriosadh

Tuairisc

Scriosadh roinnt forálacha iomarcacha atá imithe i léig agus nach gcomhfhreagraíonn don chóras rialaithe atá ann faoi láthair, lena n-áirítear an ceanglas maidir le taifid agus fógraí áirithe agus an tagairt do sheiceálacha atá cumhdaithe cheana féin ag tarmligean cúraimí i ndáil le rialú oifigiúil.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Na pionóis is infheidhme a scriosadh

Tuairisc

Scriosadh na forálacha a bhaineann leis an gcreat pionóis, toisc gur ábhar é sin a rialaítear i gcomhthéacs rialuithe oifigiúla.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Coincheap 'Queijo Serpa' *Velho* (aibí) a chur san áireamh

Tuairisc

Áiríodh coincheap 'Queijo Serpa' *Velho*. Tá feidhm aige maidir le cáiseanna a chomhlíonann na paraiméadair agus na saintréithe sonraithe, lena n-áirítear aibiú ar feadh níos mó ná 180 lá, agus tá sé beartaithe go gcuideoidh sé leis na cáiseanna sin a chur chun cinn i measc tomhaltóirí.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Coigeartú na bparaiméadar a bhaineann le méid agus meáchan

Tuairisc

Rinneadh coigeartuithe beaga ar na raonta ar laistigh díobh a d'fhéadfadh meáchan, trastomhas agus airde na cáise a bheith éagsúil, chun na héagsúlachtaí nádúrtha a tharlaíonn agus an cháis sin á déanamh a aithint agus chun freastal ar riachtanais an mhargaidh gan a saintréithe céadfacha a athrú.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Athruithe maidir leis na raonta teochta le haghaidh stórála

Tuairisc

Rinneadh na ceanglais a bhaineann leis an teocht stórála ag asraonta miondíola a shimpliú, i gcomhréir leis an reachtaíocht ghinearálta maidir le stóráil agus seilfré. Sonraíodh raonta teochta chun 'Queijo Serpa' *Velho* a stóráil. Áiríodh raon teochta le haghaidh stóráil fhadtéarmach, rud a fhágann gur féidir soláthar an táirge a rialáil i rith na bliana gan difear a dhéanamh dá shaintréithe céadfacha.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Beatha ainmhithe

Tuairisc

Tugadh isteach an fhéidearthacht an toirmeasc ar úsáid bainne ó ainmhithe baineanna a chothaítear ar fharae sadhlasaithe nó ar tháirgí coipthe eile a chur ar fionraí i gcás ina bhfuil ganntanas follasach cineálacha eile beatha ann. Go deimhin, le blianta beaga anuas, bhí tréimhsí triomaigh níos faide ann, rud a chuir teorainn le táirgeadh gránach, féir thirim agus tuí agus a mhéadaíonn, dá bhrí sin, an gá a bhí le dul i muinín farae sadhlais nó táirgí coipthe eile chun beatha a sholáthar do na hainmhithe agus a leas a áirithiú.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Rialacha sláinteachais agus stórála maidir leis an mbainne

Tuairisc

Simplíodh na rialacha sláinteachais agus stórála le haghaidh an bhainne chun an tsonraíocht táirge a thabhairt i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Próiseas táirgthe

Tuairisc

Tá tuairisc níos mine ar an bpróiseas táirgthe curtha ar fáil.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Simpliú an téacs maidir le haibiú agus aibíocht

Tuairisc

Simplíodh an téacs maidir le haibiú agus aibíocht, lena n-áirítear trí fhaisnéis a luaitear arís agus arís eile a scriosadh.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Cur i láthair tráchtála

Tuairisc

Áiríodh forálacha maidir le cur i láthair tráchtála cáiseanna réamhghearrtha, rud a chomhlíonann riachtanais tomhaltóirí gan saintréithe céadfacha 'Queijo Serpa' a chur i mbaol.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Amhábhair

Tuairisc

Leagadh amach na hamhábhair a úsáidtear ar bhealach níos mine, agus sonraíodh nach mór bláth cardúin a úsáid mar oibreán téachta agus go bhféadfar an bratú sin a úsáid chun cosaint níos fearr a thabhairt ar mhúscán. Léiríonn torthaí na tástála céadfaí nach n-athraíonn an bratú saintréithe an chraicinn, cruth agus raimhre na cáise, uigeacht agus dath an taois ná blas agus boladh an táirge.

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Sláinteachas le linn na próiseála

Tuairisc

Cuireadh forálacha isteach lena gcuirtear béim níos mó ar an ngá atá le rialacha sláinteachais a urramú le linn na próiseála, i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme.

☐ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha le haghaidh táirgí talmhaíochta

'Queijo Serpa'

Uimhir thagartha AE: PDO-PT-0260-AM01 — 4.7.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Queijo Serpa'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Phortaingéil

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

0406 – Cáis agus gruth

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is cáis aibithe é Queijo Serpa a fhaightear trí dhraenáil mhall a dhéanamh ar na gruthanna, tar éis téachtadh bainne amh caorach neamhshaothraithe trí ghníomhaíocht insilte bláthanna cardúin (*Cynara cardunculus* L.). Tá tréimhse aibithe íosta 30 lá ag Queijo Serpa. Nuair a aibítear é ar feadh níos mó ná 180 lá, ainmnítear é mar Queijo Serpa *Velho* (aibí).

Is sorcóir gearr (cothrom), aonfhoirmeach é le taobhanna bolgacha, barr beagán dronnach agus gan aon imeall sainithe. Athraíonn méid idir 200 g agus 2,5 kg, a chomhfhreagraíonn do cháiseanna idir 10 cm ar trastomhas agus 3 cm ar airde agus 30 cm ar trastomhas agus 8 cm ar airde.

Tá craiceann iomlán, dea-fhorbartha, beagán garbh, tanaí, intuargainte ag Queijo Serpa, ar dath éadrom buí tuí é. Fágann a chomhsheasmhacht intuargainte go bhfuil luaineacht áirithe ann. Tá uigeacht ime dúnta ag an taos agus díchumann sé go héasca nuair a ghearrtar é. D'fhéadfadh sé leathadh, cuma olartha a bheith air, gan mórán súl nó gan aon súil air, agus dath buíbhán nó buí amhail tuí air, agus é ag dul i dteagmháil le haer. Bíonn blas séimh, glan air agus d'fhéadfadh sé a bheith beagán géar. Bíonn boladh idir séimh agus beagán láidir air. Tá cion saille idir 45 % agus 60 % in ábhar tirim sa cháis agus tá taise idir 61 % agus 69 % i solaid neamhshaille ann.

Nuair a chuirtear i láthair é mar Queijo Serpa *Velho*, tá a chruth fós gearr (cothrom), sorcóir aonfhoirmeach le taobhanna beagán bolgach ach níl aon bholgach ag an mbarr nó tá sé beagán cuasach, gan aon imeall sainithe. Tá craiceann iomlán, dea-fhorbartha, beagán garbh, tanaí ar Queijo Serpa *Velho* fós, ach tá sé crua nó an-chrua agus bíonn dath buí tuí go dath dorcha buí tuí air. Féadfar é a bhratú le pairifín gan dath. Tá uigeacht dhúnta, idir leathchrua agus chrua ag an taos, tá sé tirim agus beagán grabhrógach, tá cuma olartha air, gan mórán súl air nó gan aon súil air, agus tá dath idir buí tuí éadrom agus buí dorcha tuí air, agus éiríonn sé níos dorcha ón taobh amuigh i dtreo an láir. Bíonn an blas láidir, glan agus marthanach, agus d'fhéadfadh sé a bheith beagán géar. Tá cion saille idir 45 % agus 60 % in ábhar tirim sa cháis agus tá taise i solaid shailleacha neamh-intuartha de ≤ 56 % ag Queijo Serpa *Velho*.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

-

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Gach céim i dtáirgeadh na cáise: téachtadh an bhainne, múnlú agus aibiú/aibíocht.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

-

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

-

4.7. *Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach*

Cumhdaítear an méid seo a leanas leis an limistéar geografach 'Queijo Serpa':

(a) gach paróiste i mbardais Mértola, Beja, Castro Verde, Almodôvar, Cúba, Ourique, Moura, Serpa, Vidigueira, Aljustrel, Ferreira do Alentejo agus Alvito;

(b) paróistí Colos agus Vale de Santiago i mbardas Odemira;

(c) paróistí São Domingos, Alvalade, Abela agus Ermidas do Sado i mbardas Santiago do Cacém;

(d) paróiste Azinheira dos Barros i mbardas Grândola;

(e) paróiste Torrão i mbardas Alcácer do Sal.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Achoimre ar an nasc

Saintréith de limistéar geografach Queijo Serpa is ea machairí fairsinge ag a bhfuil dálaí den scoth le haghaidh foraoiseachta agus innilte.

Is réigiún é ina bhfuil aeráid Mheánmhuirí, arb é is príomhthréith ann meánteochtaí bliantúla arda. Is ionann laethanta le huasteocht os cionn 25 °C agus níos mó ná aon trian den bhliain. Ní dháiltear frasaíocht bhliantúil go maith, le farasbarr uisce san fhómhar agus sa gheimhreadh agus ganntanas suntasach sa samhradh.

Cuireann aeráid an-sonrach réigiún dheisceart na Portaingéile sin agus na cleachtais feirmeoireachta beostoic (suas le 600 ainmhí, le tréimhsí fada bleáin agus achair mhóra idir na limistéir bhleáin agus na déirithe cáise) le chéile le forbairt micreaflóra éagsúla sa bhainne, rud a thugann, in éineacht leis na teicnící seanaoise a úsáidtear chun an táirge sin a dhéanamh, na saintréithe ar a dtugtar tuairisc thuas do 'Queijo Serpa', agus idirdhealú á dhéanamh idir é agus cáiseanna a tháirgtear i réigiúin eile.

Tagairt leictreonach (url) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://tradicional.dgadr.gov.pt/pt/cat/queijos-e-produtos-lacteos/237-queijo-de-serpa-dop